



An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14665/23

TRANS 446

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	27 Deireadh Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 687 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 5ú seisiún de Choiste ad hoc OTIF um Ghnóthaí Dílíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 687 final.

Faoi iamh: COM(2023) 687 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.10.2023
COM(2023) 687 final

2023/0388 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 5ú seisiún
de Choiste ad hoc OTIF um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. **ÁBHAR AN TOGRA**

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 5^ú seisiún den Choiste ad hoc um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta ('an Coiste') de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF), i ndáil le tuairim dhlíthiúil chomhairleach a ghlacadh maidir le léirmhíniú rialacha OTIF i ndáil le saoráidí seirbhíse, agus cinntí a bhaineann le digitíú doiciméad iompair idirnáisiúnta lasta iarnróid, forbairt straitéise fadtéarmaí le haghaidh OTIF, COTIF agus/nó ballraíocht OTIF a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh i ndáil le Ballstát OTIF ar leith, ríomhshínithe a úsáid i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a bhaill, cosaint dhlíthiúil ainm, giorrúcháin, lógó agus saothar OTIF, agus soiléiriú an téarma 'saineolaí' chun críche rannpháirtíochta na bpáirtithe leasmhara i ngníomhaíochtaí an Choiste.

2. **COMHTHÉACS AN TOGRA**

2.1. **An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród**

Leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF), rialaítear feidhmiú OTIF agus a gníomhaíochtaí i gcoitinne. Tá 51 thír ina bpáirtithe in COTIF, lena n-áirítear 25 Bhallstát den Aontas Eorpach (gach Ballstát seachas an Chipir agus Málta). Tá an tAontas Eorpach (AE) ina pháirtí conarthach in COTIF freisin ó bhí 1 Iúil 2011 ann.

Is éard atá i COTIF an príomhchoinbhinsiún agus na seacht bhFoscúibhinn atá ina gcuid dhílis den Choinbhinsiún agus lena mbunaítear Rialacha Comhionanna maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí agus earraí d'Iarnród (Foscúibhinn A: an Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Paisinéirí d'Iarnród – CIV; Foscúibhinn B: an Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród – CIM; Foscúibhinn C: Iompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród – RID; Foscúibhinn D: an Conradh maidir le húsáid feithiclí i dtrácht iarnróid idirnáisiúnta – CUV; Foscúibhinn E: an Conradh maidir le húsáid bonneagar i dtrácht iarnróid idirnáisiúnta – CUI; Foscúibhinn F: Bailíochtú na gCaighdeán Teicniúil agus glacadh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir le hÁbhar Iarnróid atá beartaithe a úsáid sa Trácht Idirnáisiúnta – APTU; Foscúibhinn G: Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear sa Trácht Idirnáisiúnta – ATMF).

2.2. **An comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród**

An 16 Meitheamh 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999¹. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Iúil 2011. I gCinneadh 2013/103/AE ón gComhairle tá Dearbhú ón Aontas a bhaineann le feidhmiú inniúlachta (Iarscríbhinn I) agus le socrúithe inmheánacha le haghaidh na Comhairle, na mBallstát agus an Choimisiúin maidir le himeachtaí OTIF (Iarscríbhinn III).

¹ IO L 51, 23.2.2013, lch. 1.

2.3. Coiste ad hoc um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta

Bhunaigh an 15^ú Comhthionól Ginearálta de OTIF an Coiste ad hoc um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta ('an Coiste') i mí Mheán Fómhair 2021, agus bhí a chéad seisiún aige i mí na Samhna 2021.

Tá a shainordú leagtha amach in Airteagal 2 dá Rialacha Níos Imeachta: a) dréachtleasuithe nó dréacht-forlíonta ar an gCoinbhinsiún a ullmhú; b) comhairle dlí a sholáthar ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 13 §§ 1 agus 2 den Choinbhinsiún nó arna iarraidh sin do chomhlachtaí arna mbunú acu; c) feidhmiú agus cur chun feidhme an Choinbhinsiúin a chur chun cinn agus a éascú; d) faireachán agus measúnú a dhéanamh ar ionstraimí dlí; e) cinntí a dhéanamh maidir le comhar le heagraíochtaí agus comhlachais idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear grúpaí teagmhála comhairleacha a bhunú agus a dhíscaoileadh le heagraíochtaí agus comhlachais idirnáisiúnta eile agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú grúpaí teagmhála.

Nuair is infheidhme, cuirfidh an Coiste a chonclúidí agus a thograí faoi bhráid na gcomhlachtaí inniúla dá dtagraítear in Airteagal 13 § 1 de COTIF lena mbreithniú nó lena gcinneadh.

Rinneadh clár oibre an Choiste a nuashonrú go deireanach in Aibreán 2023 (LAW-23079-JUR 4).

2.4. Gníomhartha beartaithe an Choiste

Le linn an 5^ú seisiún a bhí aige, táthar ag súil go nglacfaidh an Coiste tuairim chomhairleach dhlíthiúil agus cinntí ábhartha eile, a mbeadh tionchar acu ar ghníomhaíochtaí OTIF.

- Mír 3. Cur i bhfeidhm an CUI UR maidir le saoráidí seirbhíse: féadfaidh an Coiste tuairim chomhairleach dhlíthiúil a ghlacadh; cé nach mór idirdhealú a dhéanamh idir na conarthaí a chumhdaítear le CUI UR agus na hoibleagáidí nach mór do pháirtithe na gconarthaí sin a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais, sa chás sonrach seo, baineann an dréacht-tuairim freisin leis an idirghníomhaíocht idir rialacha OTIF agus reachtaíocht an Aontais maidir le hábhar an tsainmhínithe ar bhonneagar iarnróid (arna rialú faoi Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid²); go deimhin, tagraíonn an tuairim go forleathan do Threoir 2012/34/AE chun léirmhíniú chur i bhfeidhm CUI UR ar shaoráidí seirbhíse a bhunú agus tagraítear go sonrach don ghá atá le léirmhíniú a dhéanamh ar an dlí poiblí a chuirtear i bhfeidhm i mBallstáit OTIF i bpointe 3 dá conclúidí, dá bhrí sin, is féidir leis an tuairim chomhairleach tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais.
- Mír 4. Digiú an iompair idirnáisiúnta, go háirithe doiciméid iompair lastais: féadfaidh an Coiste a chinneadh treoir a thabhairt do Rúnaíocht OTIF togra a ullmhú chun COTIF a mhodhnú d'fhonn glacadh an nóta leictreonaigh coinsíneachta iarnróid a éascú; déantar an t-ábhar sin, an malartú leictreonach faisnéise a bhaineann le hiompar idirnáisiúnta lasta iarnróid, a rialáil ar leibhéal an Aontais le Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais; Foráiltear le hAithris 6, inter alia, "(...) Maidir leis an oibleagáid atá ar údarais inniúla glacadh le faisnéis a chuireann oibreoirí eacnamaíocha ar fáil go leictreonach, ba cheart feidhm a bheith aici nuair a cheanglaítear le forálacha ghníomhartha dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo faisnéis dá dtagraítear freisin i gcoinbhinsiún

² IO L 343, 14.12.2012, lch. 32.

ábhartha idirnáisiúnta, mar shampla, na coinbhinsiúin lena rialaítear conarthaí idirnáisiúnta iompair sna modhanna iompair éagsúla, mar shampla (...) an Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF)"; dá bhrí sin, beidh an leasú ar COTIF a fhéadfaidh an Coiste a chinneadh treoir a thabhairt do Rúnaíocht OTIF a ullmhú ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta agus beidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais.

- Mír 6. Straitéis fhadtéarmach a fhorbairt le haghaidh OTIF: bunaithe ar an gcinneadh ón 15ú Comhthionól Ginearálta, agus i gcomhréir lena chlár oibre, leanfaidh an Coiste de chúnamh a thabhairt d'Ardrúnaí OTIF maidir le straitéis fhadtéarmach OTIF a ullmhú; ag an seisiún seo, breithneoidh sé leagan athbhreithnithe den straitéis agus cuirfidh sé comhairle ar an Ard-Rúnaí maidir le modhnuithe nó feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh; is páirtí conarthach é an tAontas Eorpach in COTIF agus is Ballstát de OTIF é, baineann straitéis fhadtéarmach OTIF le speictream iomlán ghníomhaíochtaí OTIF, lena n-áirítear ionstraimí dlí agus réimsí beartais a bhfuil an tAontas inniúil ina leith go heisiach (e.g. caighdeáin sábháilteachta agus theicniúla iarnróid, iompar earraí contúirteacha); ina theannta sin, beidh tionchar cinntitheach ag an straitéis fhadtéarmach, má ghlacann an Comhthionól Ginearálta í ag an gcéad ghnáthsheisiún eile a bheidh aici, ar ábhar chlár oibre OTIF agus, b'fhéidir, ar ghnéithe éagsúla de COTIF, a bhfuil an tAontas ina Pháirtí Conarthach ann.
- Mír 7. COTIF agus/nó ballraíocht OTIF a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh i ndáil le Ballstát ar leith: breithneoidh an Coiste an deis chun treoir a thabhairt do Rúnaíocht OTIF togra a ullmhú chun COTIF a leasú; baineann an t-ábhar le heagrú agus le feidhmiú na heagraíochta ar Páirtí Conarthach é an tAontas inti, agus d'fhéadfadh sé go n-eascródh as sin tograí chun COTIF a leasú; baineann an tsaincheist reatha seo le raon feidhme iomlán ghníomhaíochtaí OTIF, lena n-áirítear réimsí a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas ina leith; dá bhrí sin, beidh an leasú ar COTIF a fhéadfaidh an Coiste a chinneadh treoir a thabhairt do Rúnaíocht OTIF a ullmhú ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta agus beidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais.
- Mír 8. Úsáid ríomhshínithe i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a Bhallstáit: féadfaidh an Coiste cinneadh a dhéanamh maidir le teoracha ginearálta don Rúnaíocht moladh a ullmhú maidir le ríomhshínithe a úsáid i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a Bhallstáit; rialaítear an réimse sin ar leibhéal an Aontais le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach; dá bhrí sin, an moladh a fhéadfaidh an Coiste a chinneadh treoir a thabhairt do Rúnaíocht OTIF é a ullmhú, beidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais
- Mír 9. Cosaint dhlíthiúil ar ainm, giorrúchán, lógó agus saothair OTIF: scrúdóidh an Coiste na ceanglais dhlíthiúla agus féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh chun cosaint dhlíthiúil ainm, giorrúchán, lógó agus saothar OTIF a fheabhsú; rialaítear an tsaincheist maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid ar leibhéal an Aontais le Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid³ agus le cinneadh ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le doiciméid an Choimisiúin a athúsáid

³ IO L 172, 26.6.2019, lgh. 56-83

(2011/833/AE)⁴; dá bhrí sin, d'fhéadfadh na cinntí atá le déanamh ag an gCoiste sa réimse seo tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais.

- Mír 10. Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara cláraithe sa Choiste ad hoc um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta: féadfaidh an Coiste a chinneadh an téarma ‘saineolaí’ a shoiléiriú chun críche rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ina chuid gníomhaíochtaí; is é an cuspóir rannpháirtíocht saineolaithe a cheadú mar ionadaithe ar dhaoine dlítheanacha atá gníomhach san earnáil idirnáisiúnta iarnróid, mar shampla, iompróirí agus bainisteoirí bonneagair; beidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gcinneadh maidir le léirmhíniú an téarma ‘saineolaí’ i gcomhthéacs an ‘Molta maidir le páirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach in obair OTIF’ mar go mbeidh tionchar aige ar an gcinnteoireacht laistigh de COTIF ar páirtí conarthach é an tAontas ann.

2.5. Inniúlacht an Aontais agus cearta vótála

De bhun Airteagal 6 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idirrialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh le COTIF arna fhorpheas trí Chinneadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011:

‘1. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, déanfaidh an tAontas cearta vótála a Bhallstát a fheidhmiú faoin gCoinbhinsiún.

2. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina roinneann an tAontas a inniúlacht lena Bhallstáit, vótálfaidh an tAontas nó a Bhallstáit.

3. Faoi réir Airteagal 26, mír 7 den Choinbhinsiún, beidh an líon céanna vótaí ag an Aontas agus atá ag a Bhallstáit atá ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún freisin. Nuair a vótálfaidh an tAontas, ní vótálfaidh na Ballstáit.’

Maidir leis na cinntí atá le déanamh ag an gCoiste ag an 5ú seisiún a bhí aige mar a léiríodh i roinn 2.4 thuas, measadh go dtagann na hítimí uile atá ar an gclár oibre go hiomlán nó i bpáirt faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

Baineann na gníomhartha thuasluaite atá le glacadh ag an gCoiste le réimsí sonracha inar fheidhmigh an tAontas a inniúlacht agus inar ghlac sé rialacha inmheánacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh (ítimí 3, 4, 8, 9), nó maidir le hábhair thrasghearrthacha nó riaracháin atá cúlta do na hábhair shubstainteacha a rialaítear le COTIF, ar ina leith a thagann an croilár faoi inniúlacht eisiach an Aontais den chuid is mó (ítimí 6, 7, 10).

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Mír 3 ar an gclár oibre – Cur i bhfeidhm an CUI UR maidir le saoráidí seirbhíse

I gcomhréir lena chlár oibre, ba cheart don Choiste scrúdú a dhéanamh ar an tsaincheist maidir le cur i bhfeidhm na Rialacha Aonfhoirmeacha maidir leis an gConradh maidir le hÚsáid Bonneagar i dTrácht Iarnróid Idirnáisiúnta (CUI — Foscríbhinn E a ghabhann leis an gCoinbhinsiún, dá ngairtear ‘CUI UR’ anseo feasta) maidir le saoráidí seirbhíse, agus tuairim chomhairleach a eisiúint maidir leis an ábhar.

Ag an 4ú seisiún a bhí aige, bhí plé ginearálta ag an gCoiste maidir le cur i bhfeidhm CUI UR ar shaoráidí seirbhíse bunaithe ar pháipéar tionscanta a d'ullmhaigh Rúnaíocht OTIF (LAW-23022-JUR 4/8). Tar éis an phlé sin, thug an Coiste treoir don Rúnaíocht dréacht-tuairim dhlíthiúil a ullmhú.

⁴ IO L 330, 14.12.2011, lch. 39

Ag an 5ú seisiún a bhí aige, breithneoidh an Coiste an dréacht-tuairim chomhairleach dhlíthiúil a d'ullmhaigh an Rúnaíocht (LAW-23109-JUR 5/3). Is é is cuspóir dó raon feidhme CUI UR a shoiléiriú, go háirithe ar cheart an téarma 'bonneagar' a léirmhíniú mar théarma lena gcumhdaítear saoráidí seirbhíse seasta de réir bhrí Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid⁵, agus é á chur san áireamh nach ndéanann COTIF agus, go háirithe, CUI UR an coincheap 'saoráidí seirbhíse' a shainiú ná nach ndéanann siad tagairt dó.

In Airteagal 3(a) de CUI UR, sainmhínítear bonneagar iarnróid mar seo a leanas:

ciallaíonn “bonneagar iarnróid” na línte iarnróid agus na suiteálacha seasta go léir, a mhéid atá siad riachtanach chun feithiclí iarnróid a chur i gcúrsaíocht agus maidir le sábháilteacht tráchta.

Mar a cuireadh in iúl go láidir i bpáipéar tionscanta na Rúnaíochta, léirítear le léirmhíniú litriúil an téarma go gcumhdaítear línte iarnróid agus suiteálacha seasta araon leis. Ar an dara dul síos, chun teacht faoin sainmhíniú, ní mór na rudaí a bheith riachtanach le haghaidh dhá chríoch charnacha: cúrsaíocht feithiclí iarnróid agus sábháilteacht tráchta.

Ón túsphointe sin, agus ó eilimintí anailíseacha eile atá ábhartha don ábhar, is é conclúid na dréacht-tuairime dlíthiúla a d'ullmhaigh Rúnaíocht OTIF go héifeachtach:

- Tá feidhm ag Rialacha Aonfhoirmeacha CUI maidir le haon chonradh úsáide bonneagair iarnróid chun críocha iompair idirnáisiúnta de réir bhrí Rialacha Aonfhoirmeacha CIV (COTIF Foscríbhinn A) agus Rialacha Comhionanna CIM (COTIF Foscríbhinn B);
- Ní dhéanann Rialacha Aonfhoirmeacha CUI difear don dlí poiblí a chuirtear i bhfeidhm i mBallstáit OTIF maidir le bonneagar iarnróid agus rochtain air agus tá siad comhlántach leis an dlí sin;
- Is gá léirmhíniú comhchuibhithe agus comhlántach ar CUI UR agus ar an dlí poiblí a chuirtear i bhfeidhm i mBallstáit OTIF a áirithiú chun coinbhleachtaí idir dhá chóras dlí a sheachaint agus chun cur i bhfeidhm CUI UR a chumasú;
- Ba cheart an cinneadh maidir lena bhfuil i gceist le 'bonneagar iarnróid' chun críocha Rialacha Comhionanna CUI a dhéanamh in dhá chéim. Ar an gcéad dul síos, leis an dlí poiblí a chuirtear i bhfeidhm i mBallstáit OTIF, cinntear cad is bonneagar iarnróid ann agus cad iad na coinníollacha a bhaineann le rochtain air. Ar an dara dul síos, ní fhéadfaidh ach bonneagar iarnróid mar a shainmhínítear leis an dlí poiblí is infheidhme maidir le Ballstát OTIF agus a chomhlíonann ceanglais Airteagal 3(a) de CUI UR a bheith faoi réir conartha úsáide faoi CUI UR.

Tá na conclúidí seo go hiomlán comhoiriúnach agus comhsheasmhach le creat dlíthiúil an Aontais lena rialaítear cearta rochtana ar an líonra iarnróid agus soláthar seirbhísí iompair d'iarnród mar a leagtar síos i dTreoir 2012/34/AE. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe tacú leis an tuairim chomhairleach dhlíthiúil a ghlacadh sa leagan reatha de.

Mír 4 ar an gclár oibre – Digitiú an iompair idirnáisiúnta, go háirithe doiciméid iompair lastais

In 2022, d'eagraigh Rúnaíocht OTIF suirbhé ar rialacha a bhaineann le doiciméid leictreonacha iompair iarnróid. Tar éis dó torthaí an tsuirbhé a phlé ag an 3ú seisiún a bhí aige, tháinig an Coiste ar an gconclúid nach raibh aon ghá láithreach na Rialacha Aonfhoirmeacha maidir leis an gConradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród

⁵ IO L 343, 14.12.2012, lch. 32.

(Foscúirbhinn B COTIF, ‘CIM UR’ anseo feasta) a mhodhnú láithreach i ndáil le doiciméid leictreonacha iompair iarnróid agus d’ordaigh sé don Rúnaíocht togra a chur isteach ina chéad seisiún eile maidir le gníomhaíochtaí leantacha a d’fhéadfadh a bheith ann.

Sa pháipéar tionscanta a d’ullmhaigh an Rúnaíocht, tugadh faoi deara nár doiciméadaíodh cás an nóta coinsíneachta leictreonaigh a d’fhorbair an Coiste Iompair Idirnáisiúnta d’Iarnród (CIT) agus an Eagraíocht um Chomhar Iarnróid (OSJD). Tá an nóta coinsíneachta comhpháirteach “OTIF-OSJD” sin ann cheana i bhformáid leictreonach agus riarann CIT é, don chuid OTIF. Forbraíodh roinnt doiciméad sa chreat seo lena bhforlíontar go héifeachtach forálacha ginearálta COTIF maidir le coibhéis fheidhmiúil an nóta coinsíneachta leictreonaigh.

Ag an 4ú seisiún a bhí aige, iarradh ar an gCoiste cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí leantacha a d’fhéadfadh a bheith ann, más ann dóibh. Mar sin féin, ní raibh am ag an gCoiste an tsaincheist seo a bhreithniú agus chuir sé siar í go dtí an 5ú seisiún a bhí aige. Dá bhrí sin, is ionann seasamh an Aontais atá beartaithe agus an seasamh a ullmhaíodh don 4ú seisiún den Choiste mar a leagtar síos i ndoiciméad ST 7918/23 ón gComhairle, i.e. a mheas gur leor forálacha CIM UR atá ann cheana le haghaidh iompar gan pháipéar agus a iarradh ar an Rúnaíocht páipéar leathoifigiúil anailíseach a ullmhú don chéad seisiún eile maidir le modhnú a d’fhéadfaí a dhéanamh ar CIM UR d’fhonn glacadh nóta coinsíneachta leictreonach CIM a éascú.

Mír 6 ar an gclár oibre – Straitéis fhadtéarmach a fhorbairt le haghaidh OTIF

I gcomhréir lena chlár oibre, ba cheart don Choiste ‘cúnamh a thabhairt don Ard-Rúnaí agus straitéis fhadtéarmach á hullmhú aige bunaithe ar chinneadh an Chomhthionóil Ghinearálta ag an 15ú seisiún a bhí aige’. Ag an 4ú seisiún a bhí aige, chuir an Coiste in iúl don Ard-Rúnaí ‘gur cheart gnéithe ábhartha den anailís chúlra a ionchorprú i straitéis fhadtéarmach OTIF agus gur cheart í a athstruchtúrú in aon dréachtdoiciméad straitéise amháin ina léirítear na naisc idir an anailís ar na saincheisteanna agus na dúshláin ábhartha agus na spriocanna straitéiseacha’.

Chuir an Coiste in iúl don Ard-Rúnaí freisin gur cheart straitéis fhadtéarmach OTIF a struchtúrú de réir na bpríomheilimintí seo a leanas:

- ‘Fís: mar fhóram idirnáisiúnta, ba cheart ról lárnach a bheith ag OTIF chun go mbeidh an t-iompar d’iarnród ina chnámh droma ag córas iompair idirnáisiúnta inbhuanaithe saoráideach.
- Misean: trácht idirnáisiúnta d’iarnród a chur chun cinn, a fheabhsú agus a éascú ar gach bealach (cf. COTIF Airteagal 2).
- Cuspóirí straitéiseacha: 1. Cur i bhfeidhm éifeachtach aonfhoirmeach dhlí OTIF a áirithiú; 2. Cur i bhfeidhm dhlí OTIF a leathnú thar an limistéar geografach is leithne is féidir; 3. A áirithiú go leanfaidh dlí OTIF de bheith ábhartha le himeacht ama; 4. Ról ceannasach OTIF san iompar idirnáisiúnta d’iarnród a fheabhsú agus rannchuidiú le sineirgí a aimsiú le heagraíochtaí agus comhlachais idirnáisiúnta ábhartha eile; 5. Rannchuidiú le córais idirnáisiúnta dlí iarnróid a chomhchuihbhiú agus a aontú’.

Ag an 5ú seisiún a bhí aige, beifear ag súil go gcuirfidh an Coiste tuilleadh comhairle agus treorach ar fáil don Ard-Rúnaí bunaithe ar leagan athbhreithnithe den dréachtdoiciméad straitéise, agus é mar chuspóir teacht ar chomhthoil ghinearálta maidir le struchtúr agus substaint na straitéise fadtéarmaí. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an dréachtdoiciméad straitéise athbhreithnithe, is é seasamh an Aontais tacú leis an leagan reatha a d’ullmhaigh an

tArd-Rúnaí agus roinnt feabhsuithe a d'fhéadfadh a bheith ann a mholadh mar a léirítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh ón gComhairle.

Mír 7 ar an gclár oibre – COTIF agus/nó ballraíocht OTIF a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh i ndáil le Ballstát ar leith

An 4 Lúnasa 2022, chinn an Coiste an topaic ‘COTIF agus/nó ballraíocht OTIF maidir le Ballstát ar leith a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh’ a chur san áireamh ina chlár oibre. Is mar seo a leanas a sainmhíodh cuspóir agus raon feidhme na hoibre: ‘athbhreithniú OTIF agus rialacha an dlí idirnáisiúnta agus cleachtas ábhartha maidir le conarthaí agus ballraíocht a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh (lena n-áirítear teorannú ar chearta áirithe)’.

Ag an 3^ú seisiún a bhí aige, thug an Coiste dá aire an páipéar tionscanta a d’ullmhaigh an Rúnaíocht, agus chinn sé an plé ar an ábhar seo a chur ar atráth.

Ag an 4^ú seisiún a bhí aige, iarradh ar an gCoiste an plé a atosú agus, go háirithe, na ceisteanna seo a leanas a bhreithniú:

- Níor cheart, mar riail ghinearálta, smachtbhannaí a fhorchur as rialacha OTIF a shárú ach amháin má dhéantar foráil shainráite ina leith sin in COTIF.
- Cé acu ar cheart nó nár cheart do COTIF smachtbhannaí a leagan amach i leith sárú ar an dlí idirnáisiúnta i gcoitinne nuair nach sáraítear a rialacha féin. Más ea, cad iad na sárúithe féideartha ba cheart a chur san áireamh?
- Cé acu ar cheart nó nár cheart smachtbhannaí a leagan amach le COTIF i leith sárúithe seachas neamhíoc ranníocaíochtaí. Más ea, cad iad na sárúithe féideartha ba cheart a chur san áireamh?
- Cén chomhlacht de chuid OTIF ar cheart a bheith freagrach as cinneadh a dhéanamh ar sáraíodh na rialacha ábhartha? – Cén chomhlacht de chuid OTIF ar cheart dó cinneadh a dhéanamh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, cearta a athbhunú agus Ballstáit a díbríodh a athlígean isteach agus cén tromlach ba cheart a bheith acu?
- Ar cheart imthosca lena gcuirtear cosc ar éagóir gnímh a áireamh go sainráite in COTIF?
- I gcás díbeartha, ar cheart athlígean isteach na mBallstát a díbríodh an nós imeachta céanna a bhaineann le Ballstáit nua a ligean isteach a leanúint nó ar cheart an nós imeachta a bheith difriúil? Ar cheart aon choinníoll sonracha a fhorchur?

Ós rud é gur ghá tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na ceisteanna sin, cuireadh an plé ar atráth go dtí an 5^ú seisiún den Choiste. Le linn an phlé a bhí ag Meitheal na Comhairle um Iompar de Thalamh, d’iarr roinnt Ballstát an tsaincheist sin a phlé tar éis an 4^ú seisiún den Choiste, d’fhonn dóthain ama a thabhairt le haghaidh plé agus comhairliúchán fóinteach d’fhonn teacht ar sheasamh dea-shainithe don 5^ú seisiún den Choiste. Sa chomhthéacs sin, d’ullmhaigh seirbhísí an Choimisiúin páipéar leathoifigiúil cuimsitheach, a scaip Ardrúnaíocht na Comhairle an 12 Iúil 2023 (tagairt 11781/23) agus a pléadh i Meitheal na Comhairle um Iompar de Thalamh an 4 agus an 18 Meán Fómhair 2023.

Bunaithe ar thoradh an phlé neamhghoirmiúil sin, tá seasamh beartaithe an Aontais ag brath ar na príomhphrionsabail seo a leanas:

- Níor cheart aon smachtbhannaí a fhorchur as rialacha OTIF a shárú ach amháin má dhéantar foráil shainráite ina leith sin in COTIF.

- Féadfar leasuithe ar COTIF a bheartú chun smachtbhannaí a shainiú i gcás sáruithe ar fhorálacha áirithe COTIF seachas neamhíoc ranníocaíochtaí airgeadais leis an mbuiséad, mar shampla, i gcás (1) sáruithe ar rialacha OTIF atá ina gcúis le mífheidhmiú féideartha nó iarbhir an tráchta iarnróid idirnáisiúnta arna rialú ag COTIF agus/nó (2) sáruithe ar rialacha OTIF a chuireann isteach go mór ar aidhm OTIF trácht iarnróid idirnáisiúnta a chur chun cinn, a éascú agus a fheabhsú.
- Rogha nuálach a bheadh ann smachtbhannaí a leagan amach faoi COTIF i gcás sárú ar an dlí idirnáisiúnta i gcoitinne agus ní mór aird a thabhairt ar na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith i gceist le cinneadh den sórt sin, agus anailís chúramach a dhéanamh orthu.
- Ba cheart don Chomhthionól Ginearálta a bheith freagrach go foirmiúil as cinneadh a dhéanamh ar sáraíodh rialacha OTIF ábhartha agus as cinneadh a dhéanamh maidir le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, cearta a athbhunú agus Ballstáit a díbríodh a athligeran isteach.
- Ba cheart imthosca lena gcuirtear cosc ar éagóir gnímh a áireamh go sainráite in COTIF agus ba cheart iad a fhoirmiú ar bhealach comhsheasmhach le córas dlí idirnáisiúnta fhreagracht na Stát as gníomhartha éagóracha idirnáisiúnta.
- I gcás díbeartha, níor cheart athligeran isteach Ballstáit a díbríodh a mheas agus a ghlacadh ach amháin faoi choinníollacha sonracha, agus in aon chás amháin má dhéantar an sárú ar rialacha OTIF ba chúis leis an smachtbhanna a cheartú go héifeachtach.

Ina theannta sin, i bhfianaise na staide geopholaitiúla agus ról tábhachtach OTIF san earnáil iarnróid ar an leibhéal idirnáisiúnta, molfaidh an tAontas agus na Ballstáit go mbreithneofaí forálacha a d’fhéadfaí a áireamh in COTIF, forálacha lena n-iarrtar ar Bhallstáit sláine fhisiceach agus fheidhmiúil bhonneagar iarnróid comhaltaí eile a urramú. D’fhéadfaí é sin a chur isteach, mar shampla, in Airteagal 5 de COTIF (Oibleagáidí speisialta na mBallstát). D’fhéadfaí smachtbhanna a ghearradh ar shárú na forála nua sin.

Tá sé beartaithe go gcinneadh an Coiste treoir a thabhairt do Rúnaíocht OTIF togra a ullmhú chun COTIF a mhodhnú, agus na treoirphrionsabail thuasluaite á gcur san áireamh.

Mír 8 ar an gclár oibre – Úsáid ríomhshínithe i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a Bhallstáit

I gcomhréir lena chlár oibre, ba cheart don Choiste ‘scrúdú a dhéanamh ar na ceanglais dhlíthiúla maidir le doiciméid ríomhshínithe (dintiúir, litreacha, formheasanna, forchoimeádais, fógraí taiscí etc.) a úsáid agus a ghlacadh i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a Bhallstáit.’ Mar thoradh ar an scrúdú thuas, ba cheart dó ‘moladh a eisiúint maidir le ríomhshínithe a úsáid agus a ghlacadh i gcumarsáidí oifigiúla idir OTIF agus a Bhallstáit’.

Ag an 5^ú seisiún a bhí aige, iarrtar ar an gCoiste an t-ábhar sin a phlé bunaithe ar pháipéar tionscanta a d’ullmhaigh an Rúnaíocht agus cinneadh a dhéanamh maidir le teoracha ginearálta chun an moladh a ullmhú. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur cuireadh an tsaincheist sin faoi bhráid an 4^ú seisiún den Choiste ad hoc ach gur cuireadh ar atráth í go dtí an 5^ú seisiún.

Dá bhrí sin, is ionann seasamh an Aontais atá beartaithe agus an seasamh a ullmhaíodh don 4^ú seisiún den Choiste mar a leagtar síos i ndoiciméad ST 7918/23 ón gComhairle, i.e. tacú le moladh a ullmhú, de rogha ó Rúnaíocht OTIF, lena mheas agus lena ghlacadh ag an gcéad seisiún eile den Choiste.

Maidir le prionsabail ghinearálta, ba cheart leibhéal éagsúil taitní Bhallstáit OTIF a mheas, agus dá bhrí sin is cosúil gurb iomchuí go gcumhdaítear leis an moladh, ag an gcéad chéim, cumarsáid “simplí” amháin, cosúil leis na cinn a chumhdaítear le hAirteagal 3(10) de Rialachán (AE) 910/2014⁶. De réir na forála sin, ciallaíonn ríomhshíniú le haghaidh cumarsáid ‘simplí’ sonraí i bhfoirm leictreonach atá ceangailte de shonraí i bhfoirm leictreonach eile, nó a bhfuil baint loighciúil acu leo, agus a úsáideann an sínitheoir le síniú a dhéanamh.

Mír 9 ar an gclár oibre – Cosaint dhlíthiúil ar ainm, giorrúchán, lógó agus saothair OTIF

Ag an seisiún a bhí aige roimhe sin, rinne an Coiste a chlár oibre a nuashonrú tríd an mír seo a leanas a chur leis: ‘cosaint dhlíthiúil ar ainm, giorrúchán, lógó agus saothair OTIF’. Ag an 5^ú seisiún a bhí aige, breithneoidh an Coiste páipéar tionscanta a d’ullmhaigh Rúnaíocht OTIF, lena n-áirítear faisnéis chúlra agus anailís ar ghníomhaíochtaí a d’fhéadfaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar chosaint dhlíthiúil ainm, giorrúchán, lógó agus saothair OTIF agus féadfaidh sé a chinneadh beartas bainistithe doiciméad maoine intleachtúla a fhorbairt le haghaidh OTIF.

Rialaítear an tsaincheist maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid ar leibhéal an Aontais leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte (2019/1024) agus le cinneadh ón gCoimisiún maidir le doiciméid an Choimisiúin a athúsáid (2011/833/AE). Leis an Treoir bunaítear sraith íosta rialacha lena rialaítear an athúsáid agus na socruithe praiticiúla le hathúsáid na ndoiciméad atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí na mBallstát agus gnóthais phoiblí áirithe a éascú. Cuirtear beartas athúsáide an Choimisiúin i gcrích, *inter alia*, trí úsáid a bhaint as beartais rochtana oscailte lena n-áirítear faoi Creative Commons (ach ní hamháin sin) agus i gcás inarb iomchuí amháin. Tá roinnt eisceachtaí ann lena n-eisiatar samhlacha ceadúnaithe rochtana oscailte ar fad. Maidir le doiciméid atá faoi chosaint cóipchirt, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún iad sin a chur ar fáil lena n-athúsáid. Tá a dhoiciméid faoi úinéireacht OTIF agus is féidir leis cearta úinéireachta, mar shampla, cóipcheart agus aon cheart maoine intleachtúla ábhartha eile a dhearbhu sna doiciméid sin. Dá bhrí sin, moltar tacú le beartas inmheánach maidir le bainistiú doiciméad maoine intleachtúla a fhorbairt le haghaidh OTIF. Mar phrionsabal ginearálta, níor cheart do bheartas den sórt sin dul níos faide ná na rialacha a bhfuil sé de cheangal ar an gCoimisiún feidhm a bheith acu maidir lena dhoiciméid féin, nó na rialacha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/1024.

Maidir le hainm, giorrúchán agus lógó OTIF a chosaint faoi Airteagal 6ter de Choinbhinsiún Pháras chun Maoine Tionscail a Chosaint, tá an tAontas inniúil trí Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS). Ghlac sí reachtaíocht sa réimse seo freisin e.g. Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádáil an Aontais Eorpaigh⁷.

Mír 10 ar an gClár - Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara cláraithe sa Choiste ad hoc um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta

Ag an dara seisiún dá chuid, ghlac an Coiste ‘Moladh maidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara in obair OTIF’, (Iarscríbhinn OTIF-22002-JUR 2). Chinn sé freisin gur cheart

⁶ Rialachán (AE) Uimh 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainnaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

⁷ IO L 154, 16.6.2017, lgh. 1-99

stádas ‘páirtí leasmhar cláraithe’ a dheonú trí bhíthin nós imeachta intuigthe i scríbhinn agus trí chomhthoil.

Cé gur cuireadh an moladh chun feidhme go rathúil, teastaíonn roinnt soiléirithe ó na catagóirí saineolaithe i bhfianaise tarraingt siar saineolaí amháin agus fiosrúcháin ó ghnóthais iarnróid leasmhara maidir leis an bhféidearthacht saineolaí a ainmniú chun ionadaíocht a dhéanamh ar a leasanna.

Ag an 5^ú seisiún a bhí aige, táthar ag súil go smaoineoidh an Coiste ar chinneadh a dhéanamh chun an téarma ‘saineolaí’ a shoiléiriú chun saineolaithe ar a gcáil ghairmiúil neamhspleách agus saineolaithe mar ionadaithe ar dhaoine dlítheanacha atá gníomhach san earnáil idirnáisiúnta iarnróid, mar shampla, iompróirí agus bainisteoirí bonneagair, a shoiléiriú. Tá sé beartaithe tacú leis an togra seo ar mhaithe le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i ngníomhaíochtaí an Choiste.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí nós imeachta

4.1.1. Na prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar ‘*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*’

Áirítear ar na ‘*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*’ gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh ‘*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*’⁸.

4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é Coiste ad hoc OTIF um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta a bunaíodh le comhaontú, is é sin an Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d’Iarnród (COTIF), i gcomhréir le hAirteagal 13 § 2 de.

Na gníomhartha a iarrtar ar an gCoiste a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Mar thoradh ar na gníomhartha atá beartaithe glacfar gníomhartha atá ceangailteach faoi rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i dtrácht agus a d’fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, is é sin: Treoir 2012/34/AE, Rialachán (AE) 2020/1056 agus Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atáthar a mholadh.

4.2. Bunús dlí substainteach

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais

⁸ Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 61 go mír 64.

ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainaitheint mar phríomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomhchuid.

Is le ‘hiompar d’iarnród’ a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 91 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 5ú seisiún de Choiste ad hoc OTIF um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ('COTIF'), i gcomhréir le Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle⁹ agus leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh le Coinbhinsiún COTIF.
- (2) De bhun Airteagal 2 dá Rialacha Nós Imeachta, tá sainordú ag Coiste ad hoc OTIF um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta ('an Coiste') an méid seo a leanas a dhéanamh: a) dréachtleasuithe nó dréacht-forlionsa ar an gCoinbhinsiún a ullmhú; b) comhairle dlí a sholáthar ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 13 §§ 1 agus 2 den Choinbhinsiún nó arna iarraidh sin do chomhlachtaí arna mbunú acu; c) feidhmiú agus cur chun feidhme an Choinbhinsiúin a chur chun cinn agus a éascú; d) faireachán agus measúnú a dhéanamh ar ionstraimí dlí; e) cinntí a dhéanamh maidir le comhar le heagraíochtaí agus comhlachais idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear grúpaí teagmhála comhairleacha a bhunú agus a dhíscaoileadh le heagraíochtaí agus comhlachais idirnáisiúnta eile agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú grúpaí teagmhála.
- (3) Tá an tAontas rannpháirteach sa Choiste i gcomhréir le forálacha COTIF, Rialacha Nós Imeachta an Choiste, agus an Chomhaontaithe maidir le hAontachas an Aontais le COTIF.
- (4) Ag an 5ú seisiún a bheidh aige, atá beartaithe a bheith ar siúl an 7-9 Samhain 2023, táthar ag súil go ndéanfaidh an Coiste cinneadh ar thuairim chomhairleach dhlíthiúil maidir le cur i bhfeidhm Foscríbhinn E COTIF maidir le saoráidí seirbhíse; roghanna féideartha chun Foscríbhinn B COTIF a leasú chun glacadh an nóta leictreonaigh coinsíneachta iarnróid a éascú; gnéithe áirithe maidir le straitéis fhadtéarmach a

⁹ Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gerích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 (IO L 51, 23.2.2013, lch. 1).

ullmhú le haghaidh OTIF; roghanna féideartha chun COTIF a leasú maidir le COTIF agus/nó maidir le ballraíocht OTIF a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh i ndáil le Ballstát áirithe OTIF; moladh a ullmhú maidir le húsáid ríomhshínithe i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a Bhallstáit; beartas cóipchirt a fhorbairt agus treoirlínte a ullmhú maidir le hainm, giorrúchán agus lógó OTIF a chosaint; agus an téarma ‘saineolaí’ a shoiléiriú chun críche rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ina chuid gníomhaíochtaí.

- (5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 5^ú seisiún den Choiste a leagan síos, ós rud é go bhfuil an tAontas ina Bhallstát OTIF agus go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar na cinntí atá le glacadh ag an gCoiste go nglacfar gníomhartha atá ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta agus a d’fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, is é sin: Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid¹⁰, Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais¹¹ agus Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE¹².
- (6) Táthar ag súil go ndéanfaidh an Coiste cinneadh ar thuairim chomhairleach dhlíthiúil maidir le cur i bhfeidhm na Rialacha Aonfhoirmeacha a bhaineann leis an gConradh maidir le hÚsáid Bonneagar i dTrácht Iarnróid Idirnáisiúnta (CUI UR, COTIF Foscríbhinn E) i leith saoráidí seirbhíse iarnróid. Is gá léirmhíniú comhchuibhithe agus comhlántach a áirithiú idir na rialacha sin agus an reachtaíocht is infheidhme i mBallstáit OTIF maidir leis na saoráidí seirbhíse iarnróid sin, go háirithe, a mhéid a bhaineann leis an Aontas, Treoir 2012/34/AE.
- (7) Le forálacha reatha COTIF, ceadaítear an nóta coinsíneachta leictreonach a úsáid bunaithe ar phrionsabal na coibhéise feidhmiúla leis an leagan páipéir. I bhfianaise digitiú leanúnach an iompair, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar a iomchuí atá creat dlíthiúil OTIF agus machnamh a dhéanamh ar roghanna féideartha chun COTIF a leasú d’fhonn glacadh an nóta leictreonaigh coinsíneachta iarnróid a éascú, agus na rialacha arna nglacadh ag an Aontas mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2020/1056 á gcur san áireamh.
- (8) Maidir le forbairt straitéiseach OTIF, tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirfear tuilleadh comhairle agus teorach ar fáil don Ard-Rúnaí maidir le straitéis fhadtéarmach OTIF a fhorbairt, ar straitéis í ba cheart a chur i láthair lena breithniú agus lena glacadh ag Comhthionól Ginearálta OTIF ag an gcéad ghnáthsheisiún eile a bheidh aige.
- (9) I bhfianaise an teannais gheopholaitiúil a bhí ann le déanaí sa réigiún uile-Eorpach, táthar ag súil go gcuirfidh an Coiste tús an athuair leis an bplé maidir le COTIF a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh agus/nó maidir le ballraíocht OTIF i ndáil le Ballstát ar leith. Is gá a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú cuí ar rialacha COTIF maidir le conarthaí agus ballraíocht a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh, lena n-áirítear teorannú ar chearta áirithe, agus a chinneadh ar cheart COTIF a leasú chun sláine na heagraíochta agus sláine líonra bhaill OTIF a chosaint ar bhealach níos fearr agus chun

¹⁰ IO L 343, 14.12.2012, lch. 32.

¹¹ IO L 249, 31.7.2020, lch. 33.

¹² IO L 257, 28.8.2014, lch. 73.

tacú níos fearr le haidhm OTIF a bhaint amach ar gach bealach chun trácht idirnáisiúnta d’iarnród a chur chun cinn, a fheabhsú agus a éascú.

- (10) Chun cumarsáid leictreonach a fhorbairt, tá gá le nuashonruithe agus nuachóiriú riaracháin áirithe chun a áirithiú go n-úsáidfead ríomhshínithe go sábháilte agus go hiontaofa i gcumarsáid oifigiúil idir OTIF agus a bhaill. Tá sé tábhachtach tacú le moladh a ullmhú i ndáil leis sin, moladh ina gcuirtear san áireamh leibhéal éagsúil taithí Bhallstáit OTIF agus i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos ar leibhéal an Aontais i ndáil leis sin, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.
- (11) Maidir le cosaint dhlíthiúil ainm, giorrúchán, lógó agus maoin intleachtúil OTIF, féadfaidh an Coiste a chinneadh beartas bainistithe doiciméad maoin intleachtúla a fhorbairt le haghaidh OTIF. Ba cheart beartas den sórt sin a dhearadh chun faisnéis agus doiciméid a athúsáid ar le OTIF iad a éascú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid¹³ agus le cinneadh ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le doiciméid an Choimisiúin a athúsáid (2011/833/AE)¹⁴.
- (12) Féadfaidh an Coiste a chinneadh an téarma ‘saineolaí’ a shoiléiriú i gcomhthéacs an ‘Moladh maidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara in obair OTIF’. Is gá léirmhíniú comhchuibhithe ar an gcoincheap seo a áirithiú, i bhfianaise a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht iomchuí na bpáirtithe leasmhara i ngníomhaíochtaí an Choiste a áirithiú.
- (13) Tá na cinntí atá beartaithe a ghlacfar ag an 5^ú seisiún den Choiste i gcomhréir le dlí agus le cuspóirí straitéiseacha an Aontais agus, dá bhrí sin, ba cheart tacú leo.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach san Iarscríbhinn an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 5^ú seisiún den Choiste ad hoc um Ghnóthaí Dlíthiúla agus um Chomhar Idirnáisiúnta de chuid na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d’Iarnród (OTIF).

Maidir le mionathruithe ar na seasaimh arna léiriú san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, féadfaidh ionadaithe den Aontas iad a chomhaontú ag an gCoiste gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 2

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

¹³ IO L 172, 26.6.2019, lgh. 56-83

¹⁴ IO L 330, 14.12.2011, lch. 39